



2024/1484

27.5.2024

CINNEADH (CBES) 2024/1484 ÓN gCOMHAIRLE

an 27 Bealtaine 2024

a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Rúis

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 4 Márta 2022, shínigh Uachtarán na Rúise Vladimir Putin dlí lena gcuirtear bac ar an rochtain ar Facebook agus ar Twitter, ar a dtugtar X faoi láthair, agus lena bhforchuirtear pianbhreitheanna príosúin orthu siúd a mheastar a bheith ag scaipeadh bréagaisnéis faoi chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Mar thoradh ar an dlí sin, cuireadh go leor daoine i bpríosún as bheith ag agóid i gcoinne chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine nó as bheith ag scaipeadh faisnéis a bhaineann leis an gcogadh.
- (2) An 17 Aibreán 2023, dúirt Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála (an tArdionadaí) go gcáineann an tAontas go láidir an phianbhreith 25 bliana a gearradh, ar chúiseanna polaitiúla, ar Vladimir Kara-Murza, ar polaiteoir den lucht freasúra agus gníomhaí daonlathais é a cháineann an Chreimil go neamhbhalbh. Dúirt an tArdionadaí nár chomhlíon an 'trial' na caighdeáin idirnáisiúnta maidir le héisteacht chothrom phoiblí ó bhinse inniúil neamhchlaonta neamhspleách, agus go léirítear go soiléir arís le cinneadh na cúirte an mhí-úsáid pholaitiúil atá á baint as na breithiúna chun brú a chur ar ghníomhaithe, ar chosantóirí ceart daonna agus ar aon duine a labhraíonn amach i gcoinne chogadh foghach neamhdhleathach na Rúise i gcoinne na hÚcráine.
- (3) An 29 Deireadh Fómhair 2023, dúirt an tArdionadaí go dtugann an tAontas urraim d'íospartaigh an chos ar bolg pholaitiúil sa Rúis, agus d'iarr sé go scaoilfí saor láithreach, gan choinníoll, gach príosúnach polaitiúil, lena n-áirítear Yuri Dmitriev, Vladimir Kara-Murza, Ilya Yashin, Alexei Gorinov agus Ivan Safronov. Chuir sé in iúl freisin gur ábhar inní é na tuairiscí ar dhrochíde, ciapadh agus céasadh fisiciúil agus síceolaíoch a bheith ar bun ag údarais phríosúin na Rúise, agus an méadú atá ag teacht ar chiapadh dlíodóirí ceart daonna sa Rúis.
- (4) An 30 Samhain 2023, chuir Cúirt Uachtarach na Rúise cosc ar an rud ar a dtugtar 'an ghluaiseacht phoiblí idirnáisiúnta LGBT' as bheith 'antoisceach' agus chuir sí cosc uirthi gníomhú ar chríoch na Rúise. An 1 Nollaig 2023, dúirt an tArdionadaí go gcáineann an tAontas an cinneadh sin go láidir, agus leis an gcinneadh sin go bhfuil sé mar aidhm gearleanúint bhreise a dhéanamh ar phobal LGBTIQ sa Rúis agus bac a chur ar an tsochaí shibhialta agus orthu siúd a chosnaíonn cearta an duine go misniúil.
- (5) An 19 Feabhra 2024, d'eisigh an tArdionadaí ráiteas thar ceann an Aontais inar cuireadh in iúl gur ábhar uafáis bás cheannaire fhreasúra na Rúise, Alexei Navalny, agus inar luadh gur ar an Uachtarán Putin agus ar údarais na Rúise atá an fhreagracht deiridh as a bhás. Thathantaigh an tArdionadaí ar an Rúis imscrúdú idirnáisiúnta neamhspleách trédhearcach a cheadú maidir le cúinsí bhás Alexei Navalny, agus mhaígh sé gur comhartha eile é go bhfuil cos ar bolg ar siúl go córasach agus ag dul i méid sa Rúis.
- (6) An 27 Feabhra 2024, dúirt an tArdionadaí go bhfuil uafás ar an Aontas gur gearradh pianbhreith ar Oleg Orlov, cosantóir ceart daonna mór le rá agus comhchathaoirleach ar an eagraíocht iomráiteach um chearta an duine Memorial, ar gearradh téarma príosúnachta dhá bhliain go leith air ar chúiseanna polaitiúla. D'iarr an tArdionadaí ar údarais na Rúise gach príosúnach polaitiúil a scaoileadh saor láithreach gan choinníoll agus deireadh a chur leis an reachtaíocht leatromach a úsáidtear chun an tsochaí shibhialta agus guthanna neamhspleacha a chur faoi chois, agus dúirt sé go seasann an tAontas i ndlúthpháirtíocht le saoránaigh uile na Rúise a labhair amach agus a cháin cogadh na Rúise agus ar dá dheasca sin a coinníodh, a ionchúisíodh nó a cuireadh i bpríosún iad.
- (7) Sna conclúidí uaithi, an 22 Márta 2024 d'iarr an Chomhairle Eorpach, *inter alia*, go scaoilfí saor láithreach gan choinníoll gach príosúnach polaitiúil sa Rúis agus go gcuirfí deireadh leis an ngearleanúint ar an bhfreasúra polaitiúil. Thairis sin, d'iarr sí go leanfaí ar aghaidh leis an obair sa Chomhairle chun córas nua smachtbhannaí a bhunú i bhfianaise na staide sa Rúis.

- (8) I bhfianaise mheath agus thromchúis na staidhe sa Rúis, ba cheart bearta sriantacha a fhorchur ar dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá freagrach as cearta an duine a shárú nó a dhiúltú, as an tsochaí shibhialta agus an freasúra daonlathach a chur faoi chois, agus a bhaineann an bonn den daonlathas agus den smacht reachta sa Rúis, agus ar dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a bhaineann leo. Dá bhrí sin, measann an Chomhairle gur cheart 19 duine nádúrtha agus aon duine dlítheanach amháin a chur le liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.
- (9) Ina theannta sin, is iomchuí srianta a thabhairt isteach maidir le hítimí a onnmhairiú a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh cos ar bolg inmheánach, agus maidir le hítimí, atá beartaithe go príomha lena n-úsáid chun faireachán a dhéanamh ar shlándáil faisnéise agus ar theileachumarsáid nó chun slándáil faisnéise agus teileachumarsáid a idircheapadh.
- (10) Ní mór don Aontas tuilleadh a dhéanamh chun bearta áirithe a chur chun feidhme,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun teacht isteach ina gcríocha, nó chun idirthuras trína gcríocha, a chosc i leith ndaoine nádúrtha:

- (a) atá freagrach as sáruithe nó mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine nó as cos ar bolg a dhéanamh ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach, nó a ndéanann a ngníomhaíochtaí dochar tromchúiseach ar bhealach eile don daonlathas nó don smacht reachta sa Rúis;
- (b) a sholáthraíonn tacaíocht airgeadais, theicniúil, nó ábhartha do na gníomhartha a leagtar amach i bpointe (a), nó a bhfuil baint acu leo ar bhealach eile, lena n-áirítear trí na gníomhartha sin a phleanáil, a threorú, a ullmhú, a éascú, a spreagadh nó cúnamh a thabhairt ina leith;
- (c) a bhfuil baint acu le daoine nádúrtha dá dtagraítear i bpointí (a) nó (b),

mar a liostaítear san Iarscríbhinn

2. Ní chuirfear de cheangal le mír 1 ar aon Bhallstát teacht isteach chuig a chríoch féin a dhiúltú dá náisiúnaigh féin.

3. I gcás ina mbeidh Ballstát faoi cheangal ag oibleagáid faoin dlí idirnáisiúnta, beidh mír 1 gan dochar don chás sin, eadhon:

- (a) mar thír óstach d'eagraíocht idir-rialtasach idirnáisiúnta;
- (b) mar thír óstach ar chomhdháil idirnáisiúnta a bheidh á tionól ag na Náisiúin Aontaithe, nó faoina gcoimirce;
- (c) faoi chomhaontú iltaobhach lena dtugtar pribhléidí agus díolúintí; nó
- (d) faoi Chonradh Idir-Réitigh 1929 (Comhaontú na Lataráine) a tugadh i gcrích idir an Suí Naofa (Stát Chathair na Vatacáine) agus an Iodáil.

4. Beidh feidhm ag mír 3 freisin i gcásanna ina bhfuil an Ballstát ina thír óstach don Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (ESCE).

5. Cuirfear an Chomhairle ar an eolas go cuí faoi gach cás ina dtugann an Ballstát díolúine de bhun mhíreanna 4 nó 5.

6. Féadfaidh na Ballstáit díolúintí a dheonú ó na bearta a fhorchuirtear faoi mhír 1 i gcás ina bhfuil údar le teacht isteach nó idirthuras ar fhorais riachtanais dhaonnachtúil phráinnigh, nó ar fhorais go bhfuiltear ag freastal ar chruinnithe idir-rialtasacha agus ar chruinnithe atá á gcur chun cinn ag an Aontas nó á n-óstáil aige, nó atá á n-óstáil ag Ballstát a bhfuil Cathaoirleacht aige ar oifig ESCE, i gcás ina réachtáiltear idirphlé polaitiúil a chuireann cuspóirí beartais na mbeart sriantach chun cinn go díreach, lena n-áirítear tacaíocht don smacht reachta, don daonlathas, agus do chearta an duine sa Rúis.

7. Féadfaidh na Ballstáit díolúintí a dheonú ó na bearta a forchuireadh faoi mhír 1 más amhlaidh go bhfuil gá le teacht isteach nó le hidirthuras chun próiseas breithiúnach a chomhlíonadh.

8. Tabharfaidh aon Bhallstát ar mian leis díolúintí a dheonú dá dtagraítear i mír 6 nó 7 fógra i scríbhinn don Chomhairle ina leith. Measfar an díolúine sin a bheith deonaithe mura ndéanfaidh comhalta amháin nó níos mó de chomhaltaí na Comhairle agóid i scríbhinn laistigh de 2 lá oibre tar éis fógra a fháil faoin díolúine atá beartaithe. Má dhéanann comhalta amháin nó níos mó de chomhaltaí na Comhairle agóid, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, a chinneadh an díolúine atá beartaithe a dheonú.

9. I gcás, de bhun mhíreanna 3, 4, 6, 7 agus 8, ina n-údaraíonn Ballstát teacht isteach ina gcríocha, nó idirthuras trína gcríocha do dhaoine a liostaítear san Iarscríbhinn, beidh an t-údarú teoranta don chuspóir ar chuige sin a thugtar é don duine lena mbaineann.

Airteagal 2

1. Na cistí agus na hacmhainní eacnamaíocha uile ar le daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí iad, atá faoi úinéireacht, i seilbh nó faoi rialú na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí:

(a) atá freagrach as sárúithe nó mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine nó as cos ar bolg a dhéanamh ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach, nó a ndéanann a ngníomhaíochtaí dochar tromchúiseach ar bhealach eile don daonlathas nó don smacht reachta sa Rúis;

(b) a sholáthraíonn tacaíocht airgeadais, theicniúil, nó ábhartha do na gníomhartha a leagtar amach i bpointe (a), nó a bhfuil baint acu leo ar bhealach eile, lena n-áirítear trí na gníomhartha sin a phleanáil, a threorú, a ullmhú, a éascú, a spreagadh nó cúnamh a thabhairt ina leith;

(c) a bhfuil baint acu le daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí dá dtagraítear i bpointe (a),

a liostaítear san Iarscríbhinn, déanfar iad a reo.

2. Ní chuirfear aon chiste ná acmhainn eacnamaíoch ar fáil, go díreach nó go hindíreach, do dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha, d'eintitis ná do chomhlachtaí a liostaítear san Iarscríbhinn, ná ní chuirfear chun sochair dóibh iad.

3. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh údaráis inniúla na mBallstát údarú a thabhairt cistí nó acmhainní eacnamaíocha reoite áirithe a scaoileadh, nó cistí áirithe nó acmhainní eacnamaíocha áirithe a chur ar fáil, faoi choinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh gur fíor an méid seo a leanas maidir leis na cistí nó na hacmhainní eacnamaíocha lena mbaineann:

(a) go bhfuil gá leo chun freastal ar bhunriachtanais na ndaoine a liostaítear san Iarscríbhinn agus a mball teaghlaigh chleithiúnacha, lena n-áirítear íocaíochtaí as earraí bia, cíos nó morgáiste, cógais agus cóir leighis, cánacha, préimheanna árachais, agus muirir fóntais phoiblí;

(b) gur ceapadh iad chun táillí gairmiúla réasúnta a íoc agus costais arna dtabhú a aisíoc, ar costais iad a bhaineann le soláthar seirbhísí dlí, agus chuige sin amháin;

(c) gur ceapadh iad chun táillí nó muirir sheirbhíse a íoc as cistí nó acmhainní eacnamaíocha reoite a choinneáil nó a chothabháil ar bhonn rialta, agus chuige sin amháin;

(d) go bhfuil siad riachtanach i gcás costais urghnácha, ar choinníoll go bhfuil fógra tugtha ag an údarás inniúil d'údaráis inniúla na mBallstát eile agus don Choimisiún faoi na forais a mheasann sé gur cheart údarú sonracha a dheonú, 2 sheachtain ar a laghad roimh an údarú; nó

(e) go bhfuil siad le híoc isteach i gcuntas misin taidhleoireachta nó poist chonsalaigh nó eagraíochta idirnáisiúnta nó ón gcuntas sin a bhfuil díolúintí aige i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, a mhéid atá sé ceaptha na híocaíochtaí sin a úsáid chun críocha oifigiúla an mhisin taidhleoireachta nó an phoist chonsalaigh nó na heagraíochta idirnáisiúnta,

Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoin mír seo laistigh de 2 sheachtain ón údarú.

4. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh údaráis inniúla na mBallstát údarú a thabhairt cistí reoite nó acmhainní eacnamaíocha áirithe a scaoileadh, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) go bhfuil na cistí nó na hacmhainní eacnamaíocha faoi réir cinneadh eadrána a tugadh roimh an dáta a rinneadh an duine nádúrtha nó dlítheanach, an t-eintiteas nó an comhlacht dá dtagraítear i mír 1 a liostú san Iarscríbhinn, nó go bhfuil siad faoi réir cinneadh breithiúnach nó riaracháin a tugadh san Aontas, nó cinneadh breithiúnach atá infhorfheidhmithe sa Bhallstát lena mbaineann, roimh an dáta sin nó ina dhiaidh;

- (b) ní bhainfear leas as na cistí ná na hacmhainní eacnamaíocha ach amháin chun éilimh a ráthaítear le cinneadh den sórt sin a chomhlíonadh nó chun éilimh a aithnítear mar éilimh bhailí sa chinneadh sin a chomhlíonadh, faoi na teorainneacha a leagtar síos le dlíthe agus rialacháin is infheidhme lena rialaítear cearta daoine a bhfuil na héilimh sin acu;
- (c) ní chun leas duine nádúrtha ná dlítheanach, eintitis ná comhlachta a liostaítear san Iarscríbhinn é an cinneadh; agus
- (d) níl sé in aghaidh an bheartais phoiblí sa Bhallstát lena mbaineann an cinneadh a aithint.

Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údaruithe arna ndeonú faoin mír seo laistigh de 2 sheachtain ón údarú sin.

5. Ní chuirfear cosc le mír 1 ar dhuine nádúrtha nó dlítheanach, ar eintiteas nó ar chomhlacht a liostaítear san Iarscríbhinn íocaíocht a dhéanamh atá dlite faoi chonradh a rinneadh roimh an dáta a liostaíodh an duine nádúrtha nó dlítheanach, an t-eintiteas nó an comhlacht sin inti, ar choinníoll gur chinn an Ballstát lena mbaineann nach bhfaighidh duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht dá dtagraítear i mír 1 an íocaíocht, go díreach nó go hindíreach.

6. Ní bheidh feidhm ag mír 2 maidir le breiseanna mar a leanas arna gcur le cuntais reoite:

- (a) ús nó tuilleamh eile ar na cuntais sin;
- (b) íocaíochtaí atá dlite faoi chonarthaí, comhaontuithe nó oibleagáidí a tugadh i gcrích nó a tháinig chun cinn roimh an dáta a tháinig na cuntais sin le bheith faoi réir na mbeart dá bhforáiltear i míreanna 1 agus 2; nó
- (c) íocaíochtaí atá dlite faoi chinntí breithiúnacha, riaracháin nó eadrána arna ndéanamh san Aontas nó is infhorghníomhaithe sa Bhallstát lena mbaineann,

ar choinníoll go bhfanfaidh aon ús den sórt sin, tuilleamh agus íocaíochtaí eile faoi réir na mbeart dá bhforáiltear i mír 1.

7. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 3, féadfaidh údaráis inniúla na mBallstát údarú a thabhairt cistí nó acmhainní eacnamaíocha reoite áirithe a scaoileadh, nó cistí nó acmhainní eacnamaíocha áirithe a chur ar fáil, faoi choinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh gur gá na cistí nó acmhainní eacnamaíocha sin a sholáthar chun a áirithiú go seachadfar cúnamh daonnúil go tráthúil nó chun tacú le gníomhaíochtaí eile a thacaíonn le riachtanais bhunúsacha an duine.

8. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh údaráis inniúla na mBallstát, údarú a thabhairt acmhainní áirithe eacnamaíocha atá reoite a scaoileadh, tar éis dóibh a chinneadh gur gá sin chun na gcríoch seo a leanas:

- (a) feidhmiú ionadaíochtaí taidhleoireachta agus consalacha an Aontais agus na mBallstát nó tíortha is comhpháirtithe sa Rúis, lena n-áirítear toscaireachtaí, ambasáidí agus misin, nó eagraíochtaí idirnáisiúnta sa Rúis a thairbhíonn de dhíolúintí i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta;
- (b) soláthar seirbhísí leictreonacha cumarsáide a dhéanann oibreoirí Teileachumarsáide de chuid an Aontais, le haghaidh na saoráidí agus na seirbhísí gaolmhara a sholáthar atá riachtanach le haghaidh oibriú, cothabháil agus slándáil na seirbhísí cumarsáide sin, sa Rúis, san Úcráin, san Aontas, idir an Rúis agus an tAontas agus idir an Úcráin agus an tAontas agus le haghaidh seirbhísí ionaid sonraí san Aontas; nó
- (c) díol agus aistriú ceart dílseánaigh i nduine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe san Aontas faoin 28 Lúnasa 2024, nó laistigh de 6 mhí ó dháta an liostaithe san Iarscríbhinn, cibé acu is déanaí, i gcás ina bhfuil na cearta dílseánaigh sin faoi úinéireacht dhíreach nó indíreach duine nádúrtha nó dlítheanaigh, eintitis nó comhlachta a liostaítear san Iarscríbhinn, agus tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil fáiltais an díola agus an aistrithe sin fós reoite.

9. Mura ndéanann an t-údarás inniúil cinneadh diúltach, iarraidh ar fhaisnéis nó fógra faoi am breise laistigh de 5 lá oibre ón dáta a fhaightear iarraidh ar údarú faoi mhír 7, measfar gur deonaíodh an t-údarú sin.

10. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoin Airteagal seo laistigh de 4 seachtaine ón údarú.

Airteagal 3

1. Is í an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ó Bhallstát nó ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí'), a chinnefidh an liosta atá san Iarscríbhinn a bhunú agus a leasú.

2. Cuirfidh an Chomhairle an cinneadh dá dtagraítear i mír 1, lena n-áirítear na forais leis an liostú sin, in iúl go díreach don duine nádúrtha nó dlítheanach, don eintiteas nó don chomhlacht lena mbaineann, más eol an seoladh, agus más féidir cumarsáid den sórt sin a dhéanamh nó trí fhógra a fhoilsiú, rud a thabharfaidh deis don duine nádúrtha nó dlítheanach, don eintiteas nó don chomhlacht sin barúlacha a chur i láthair.

3. I gcás ina gcuirfear barúlacha isteach, nó ina gcuirfear fianaise nua shubstaintiúil i láthair, athbhreithneoidh an Chomhairle an cinneadh dá dtagraítear i mír 1 agus cuirfidh sí an duine nádúrtha nó dlítheanach, an t-eintiteas nó an comhlacht lena mbaineann ar an eolas dá réir sin.

Airteagal 4

1. Áireofar san Iarscríbhinn na forais leis na daoine nádúrtha agus dlítheanacha, na heintitis agus na comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 1(1) agus 2(1) a liostú.

2. Beidh san Iarscríbhinn, i gcás ina mbeidh sí ar fáil, an fhaisnéis is gá chun daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí lena mbaineann a shainaithint. Maidir le daoine nádúrtha, féadfaidh na nithe seo a leanas a bheith ar áireamh san fhaisnéis sin: ainmneacha agus ailiasanna; dáta breithe agus áit bhreithe; náisiúntacht; uimhreacha pas agus cárta aitheantais; inscne; seoladh, más eol; agus feidhm nó gairm. Maidir le daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí, féadfaidh ainmneacha; áit agus dáta clárúcháin; uimhir chlárúcháin; agus áit ghnó.

Airteagal 5

1. Féadfaidh an Chomhairle agus an tArdionadaí, sonraí pearsanta a phróiseáil chun a gcúraimí faoin gCinneadh seo a thabhairt i gcrích, go háirithe:

(a) a mhéid a bhaineann leis an gComhairle, chun leasuithe ar an Iarscríbhinn a ullmhú agus a dhéanamh;

(b) a mhéid a bhaineann leis an Ardionadaí, chun leasuithe ar an Iarscríbhinn a ullmhú.

2. Maidir le sonraí ábhartha a bhaineann le cionta coiriúla arna ndéanamh ag daoine nádúrtha a liostaítear san Iarscríbhinn, agus le ciontuithe coiriúla nó le bearta slándála a bhaineann leis na daoine sin, ní fhéadfaidh an Chomhairle ná an tArdionadaí iad a phróiseáil, i gcás inarb infheidhme, ach amháin a mhéid is gá an phróiseáil sin chun an Iarscríbhinn a ullmhú.

3. Chun críocha an Chinnidh seo, ainmnítear an Chomhairle agus an tArdionadaí mar 'rialaitheoirí' de réir bhrí Airteagal 3, pointe (8), de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽¹⁾, chun a áirithiú gur féidir leis na daoine nádúrtha lena mbaineann a gcearta a fheidhmiú faoin Rialachán sin.

Airteagal 6

1. Cuirfear toirmeasc ar náisiúnaigh de na Ballstáit nó ó chríocha na mBallstát nó a bhfuil soithí faoina mbratach nó a n-aerárthaí á n-úsáid acu, bídís de thionscnamh a gcríoch nó ná bódh, trealamh a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú chuig an Rúis, ar trealamh é a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh cos ar bolg inmheánach.

2. Toirmeascfar freisin an méid seo a leanas a dhéanamh:

a) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a bhaineann leis na hítimí dá dtagraítear i mír 1, nó a bhaineann le soláthar, monarú, cothabháil agus úsáid na n-ítimí sin, a sholáthar go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis.

b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann leis na hítimí dá dtagraítear i mír 1 a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, lena n-áirítear go háirithe deontais, iasachtaí agus árachas, le haghaidh aon díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú de na hítimí sin, nó chun cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis.

3. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 agus 2 maidir le trealamh a dhíol, a sholáthar, a aistriú ná a onnmhairiú, ar trealamh é atá beartaithe le haghaidh úsáid chosantach phearsanra an Aontais agus a Bhallstát sa Rúis, agus le haghaidh na húsáide sin amháin, nó maidir le cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta agus seirbhísí eile a sholáthar ná maidir le maoiniú agus cúnamh airgeadais a bhaineann leis an trealamh sin.

⁽¹⁾ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

4. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh údaráis inniúla na mBallstát údarú a thabhairt, faoi cibé coinníoll a mheasann siad a bheith iomchuí, trealamh a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, ar trealamh é a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh cos ar bolg inmheánach, agus údarú a thabhairt maidir le maoiniú agus cúnamh airgeadais agus teicniúil gaolmhar, i dtaca le trealamh atá beartaithe le haghaidh úsáid dhaonnúil nó chosantach amháin nó le haghaidh cláir forbartha institiúidí de chuid na Náisiún Aontaithe nó an Aontais, le haghaidh oibríochtaí bainistithe géarchéime de chuid na Náisiún Aontaithe agus an Aontais nó de chuid eagraíochtaí réigiúnacha agus foréigiúnacha, agus le haghaidh na n-úsáidí sin amháin.

5. Déanfaidh an tAontas na bearta is gá chun na nithe ábhartha atá le cumhdach leis an Airteagal seo a chinneadh.

Airteagal 7

1. Toirmeascfar trealamh, teicneolaíocht nó bogearraí a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú chuig aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis a bheartaítear go príomha lena n-úsáid ag údaráis na Rúise nó thar a gceann, chun faireachán a dhéanamh ar chumarsáid idirlín agus teileafóin ar líonraí soghluaiste nó seasta nó chun í a idircheapadh, lena n-áirítear soláthar aon seirbhísí faireacháin nó idircheaptha teileachumarsáide nó idirlín de chineál ar bith, chomh maith le soláthar cúnamh airgeadais agus theicniúil chun trealamh, teicneolaíocht nó bogearraí mar sin a shuiteáil, a oibriú nó a nuashonrú, ag náisiúnaigh de Bhallstáit nó ó chríocha na mBallstát.

2. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh údaráis inniúla na mBallstát díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú an trealamh, na teicneolaíochta nó na mbogearraí a údarú, lena n-áirítear soláthar aon seirbhísí faireacháin nó idircheaptha teileachumarsáide nó idirlín de chineál ar bith, chomh maith le soláthar gaolmhar cúnamh airgeadais agus theicniúil, dá dtagraítear i mír 1, má tá forais réasúnacha acu lena chinneadh nach n-úsáidfeadh rialtas na Rúise, comhlachtaí poiblí, corparáidí nó gníomhaireachtaí, nó aon duine nádúrtha nó dlítheanach nó aon eintiteas nádúrtha nó dlítheanach a bheadh ag gníomhú thar a gceann nó faoina dtreoir, an trealamh, an teicneolaíocht nó na bogearraí sin le haghaidh cos ar bolg inmheánach.

Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoin mír seo laistigh de 4 seachtaine ón údarú.

3. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh údaráis inniúla na mBallstát, díol, soláthar, aistriú, onnmhairiú nó soláthar na seirbhísí dá dtagraítear iontu a údarú, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh gur gá sin chun na gcríoch seo a leanas:

- (a) feidhmiú ionadaíochtaí taidhleoireachta agus consalachta an Aontais agus na mBallstát nó tíortha is comhpháirtithe sa Rúis, lena n-áirítear toscaireachtaí, ambasáidí agus misin, nó eagraíochtaí idirnáisiúnta sa Rúis a thairbhíonn de dhíolúintí i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta;
- (b) soláthar seirbhísí cumarsáide leictreonaí ag oibreoirí teileachumarsáide an Aontais is gá le haghaidh oibriú, cothabháil agus slándáil, lena n-áirítear cibearshlándáil, seirbhísí cumarsáide leictreonaí, sa Rúis, san Úcráin, san Aontas, idir an Rúis agus an tAontas, agus idir an Úcráin agus an tAontas, agus le haghaidh seirbhísí lárionaid sonraí san Aontas

Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoin mír seo laistigh de 4 seachtaine ón údarú.

4. Déanfaidh an tAontas na bearta is gá chun na nithe ábhartha atá le cumhdach leis an Airteagal seo a chinneadh.

Airteagal 8

1. Ní shásófar aon éileamh i ndáil le haon chonradh ná idirbheart a ndearnadh difear dá bhfeidhmiú, go díreach nó go hindíreach, go hiomlán nó go páirteach, leis na bearta a fhorchuirtear faoin gCinneadh seo, lena n-áirítear éilimh ar shlánaíocht nó aon éileamh eile mar sin, mar shampla éileamh ar chúiteamh nó éileamh faoi réir ráthaíochta, go háirithe éileamh ar shíneadh a chur le banna, ráthaíocht nó slánaíocht nó iad a íoc, go háirithe ráthaíocht airgeadais nó slánaíocht airgeadais, i cibé foirm, más rud é go ndéanfaidh ceann de na páirtithe seo a leanas an t-éileamh:

- (a) daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí arna n-ainmniú, a liostaítear san Iarscríbhinn;
- (b) aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá ag gníomhú trí bhíthin nó thar ceann duine de na daoine nádúrtha nó dlítheanacha nó ceann de na heintitis nó na comhlachtaí dá dtagraítear i bpointe (a).

2. In aon imeacht chun éileamh a fhorfheidhmiú, is faoin duine nádúrtha nó dlítheanach, faoin eintiteas nó faoin gcomhlacht atá ag iarraidh an t-éileamh sin a fhorfheidhmiú, a bheidh sé a chruthú nach dtoirmeasctar an t-éileamh a shásamh le mír 1.

3. Tá an tAirteagal seo gan dochar don cheart atá ag na daoine nádúrtha nó dlítheanacha, na heintitis agus na comhlachtaí dá dtagraítear i mír 1 chun athbhreithniú breithiúnach ar dhlíthiúlacht neamhchomhlíonadh na n-oibleagáidí conarthacha i gcomhréir leis an gCinneadh seo.

Airteagal 9

Cuirfear toirmeasc ar pháirt a ghlacadh, go feasach agus d'aon ghnó, i ngníomhaíochtaí arb é is cuspóir nó éifeacht dóibh teacht timpeall ar na toirmisc a leagtar amach sa Chinneadh seo.

Airteagal 10

Chun tionchar na mbeart a leagtar amach sa Chinneadh seo a uasmhéadú, spreagfaidh an tAontas tríú Stáit chun bearta sriantacha a ghlacadh cosúil leis na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo.

Airteagal 11

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí an 28 Bealtaine 2025.

Déanfar athbhreithniú leanúnach ar an gCinneadh seo. Déanfar é a athnuachan, nó a leasú de réir mar is iomchuí, má mheasann an Chomhairle nár comhlíonadh a chuspóirí.

Déanfar na heisceachtaí dá dtagraítear in Airteagal 2(7) a mhéid a bhaineann le hAirteagal 2(1) agus (2) a athbhreithniú go tráthrialta, agus gach 12 mhí ar a laghad, nó ar iarraidh phráinneach ó aon Bhallstát, ón Ardionadaí nó ón gCoimisiún tar éis d'athrú ó bhonn teacht ar na himthosca.

Airteagal 12

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 27 Bealtaine 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

J. BORRELL FONTELLES

IARSCRÍBHINN

Liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 1(1) agus 2(1)

A. Daoine nádúrtha

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
1.	Nikolai Pavlovich DUBOVIK (Николай Павлович ДУБОВИК)	Post: Breitheamh de Chúirt Uachtarach Chónaidhm na Rúise Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is breitheamh de Chúirt Uachtarach Chónaidhm na Rúise é Nikolai Pavlovich Dubovik. Agus a ról á fheidhmiú aige, dhiúltaigh sé breithniú a dhéanamh ar achomharc Alexei Navalny i gcoinne an fhórais sa triail maidir le ‘béadchaint ar iarshaighdiúir’. Mar thoradh air sin, tharraing sé míchlú polaitiúil ar Alexei Navalny roimh reifreann bunreachtúil 2020 sa Rúis. Dá bhrí sin, tá Nikolai Pavlovich Dubovik freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine sa Rúis, tríd an tsaoirse tuairimíochta agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh a shárú.	27.5.2024
2.	Eduard Borisovich ERDYNIEV (Эдуард Борисович ЭРДЫНИЕВ)	Post: Breitheamh de Chúirt Uachtarach Chónaidhm na Rúise Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is breitheamh de Chúirt Uachtarach Chónaidhm na Rúise é Eduard Borisovich Erdyniev. Agus a ról á fheidhmiú aige, dhiúltaigh sé breithniú a dhéanamh ar achomharc Alexei Navalny i gcoinne an chinnidh pianbhreith iomlán a chur in ionad na pianbhreithe promhaidh. Dá bhrí sin, fógraíodh go raibh Alexei Navalny ciontach, agus blianta ina dhiaidh sin, cuireadh i bpríosún i gcoilíneacht phionósach ardslándála é chun nach mbeadh sé in ann a bheith gníomhaíoch i ngníomhaíochtaí polaitiúla. Dá bhrí sin, tá Eduard Borisovich Erdyniev freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine sa Rúis, tríd an tsaoirse tuairimíochta agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh a shárú.	27.5.2024
3.	Andrey Vladimirovich FEDOROV (Андрей Владимирович ФЕДОРОВ/ФЁДОРОВ)	Post: Breitheamh i gCúirt Dúiche Kirovsky, cathair Tomsk Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is breitheamh Rúiseach é Andrey Vladimirovich Fedorov atá ag obair i gCúirt Dúiche Kirovsky, cathair Tomsk. Agus a ról á fheidhmiú aige, dhiúltaigh sé an gearán maidir le neamhghníomhaíocht oifigigh Choiste Fiosrúcháin Chónaidhm na Rúise i Réigiún Tomsk i ndáil le hiarratas ar nimhiú Alexei Navalny a aithint mar rud neamhdhleathach. Cuireadh Alexei Navalny i bpríosún mar thoradh ar a chinneadh. Dá bhrí sin, tá Andrey Vladimirovich Fedorov freagrach as gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn go mór ón smacht reachta sa Rúis.	27.5.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
4.	Ekaterina Vasilevna FEDOTOVA (NAUMOVA) (Екатерина Васильевна ФЕДОТОВА (НАУМОВА))	Post: Ionadaí Aireacht Gnóthaí Inmheánacha na Rúise do chathair Khimki, Réigiún Mhoscó Dáta breithe: 6.11.1995 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: baineann	Oibríonn Ekaterina Vasilevna Fedotova (Naumova) in Ionadaíocht Aireacht Gnóthaí Inmheánacha na Rúise do chathair Khimki, réigiún Mhoscó. Agus a post á fheidhmiú aici, ghlac sí páirt i gcruinniú cúirte an 18 Eanáir 2021, a eagraíodh i stáisiún póilíní, agus d'éiligh sí go gcuirfí síneadh 30 lá le coinneáil neamhdhleathach Alexei Navalny. Dá bhrí sin, tá Ekaterina Vasilevna Fedotova (Naumova) freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine sa Rúis tríd an tsaoirse tuairimíochta agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh a sháru.	27.5.2024
5.	Inna Alexandrovna FESENKO (Инна Александровна ФЕСЕНКО)	Post: Breitheamh i gCúirt Dúiche Kirovsky, cathair Tomsk Dáta breithe: 22.12.1968 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: baineann	Is breitheamh Rúiseach í Inna Alexandrovna Fesenko a oibríonn i gCúirt Dúiche Kirovsky, cathair Tomsk. Agus a ról á fheidhmiú aici, dhiúltaigh sí faoi dhó do ghearáin faoi neamhghníomhaíocht phóilíní iompair Tomsk maidir le nimhiú Alexei Navalny. Roimhe sin, chuir sí cosc ar ghníomhaíochtaí áirithe ar Ksenia Fadeeva, iarcheann cheanncheathrú eagraíocht Navalny in Tomsk. Dá bhrí sin, tá Inna Alexandrovna Fesenko freagrach as gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn go mór ón smacht reachta sa Rúis.	27.5.2024
6.	Ekaterina Viktorovna GALYAUTDINOVA (Екатерина Викторовна ГАЛЯУТДИНОВА)	Post: Breitheamh i gCúirt Dúiche Kirovsky, cathair Tomsk Dáta breithe: 1969 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: baineann	Is breitheamh Rúiseach í Ekaterina Viktorovna Galyautdinova atá ag obair i gCúirt Dúiche Kirovsky, cathair Tomsk. Agus a ról á fheidhmiú aici, dhiúltaigh sí faoi dhó an gearán faoi neamhghníomhaíocht phóilíní iompair Tomsk maidir leis an imscrúdú ar nimhiú Alexei Navalny. Dá bhrí sin, tá Ekaterina Viktorovna Galyautdinova freagrach as gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn go mór ón smacht reachta sa Rúis.	27.5.2024
7.	Dmitry Evgenevich PANKRATOV (Дмитрий Евгеньевич ПАНКРАТОВ)	Post: Imscrúdaitheoir Sinsearach i bPríomh-Roinn Imscrúdaitheach Mhíleata de Choiste Fiosrúcháin Chónaidhm na Rúise, Coirnéal Dlí agus Cirt Dáta breithe: 29.12.1967 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is imscrúdaitheoir sinsearach i bPríomh-Roinn Imscrúdaitheach Mhíleata de Choiste Fiosrúcháin Chónaidhm na Rúise é Dmitry Evgenievich Pankratov. Agus a ról á fheidhmiú aige, dhiúltaigh sé imscrúdú a thionscnamh ar iarracht ar dhúnmharú Alexei Navalny, tar éis do Navalny a bheith nimhithe leis an néar-oibreán Novichok. Dá bhrí sin, tá Dmitry Evgenevich Pankratov freagrach as gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn go mór ón smacht reachta sa Rúis.	27.5.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
8.	Evgeniy Borisovich RASTORGUEV (Евгений Борисович РАСТОРГУЕВ)	Post: Breitheamh den 9ú Cúirt Achomhairc Eadrána, an Rúis Dáta breithe: 20.8.1970 Áit bhreithe: Réigiún Vladimir, iarAPSS (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is breitheamh é Evgeniy Borisovich Rastorguev de 9ú Cúirt Achomhairc Eadrána na Rúise. Agus a ról á fheidhmiú aige, cheadaigh sé maíomh chuideachta ‘Druzhba Narodov’ i gcoinne Alexei Navalny. Mhaígh Alexei Navalny san imscrúdú a rinne sé go bhfuil an chuideachta rannpháirteach i scéim éillithe le Garda Náisiúnta na Rúise (Rosgvardia). Dá bhrí sin, tá Evgeniy Borisovich Rastorguev freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine sa Rúis, tríd an tsaoirse tuairimíochta agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh a shárú, agus as gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn go tromchúiseach ón smacht reachta sa Rúis.	27.5.2024
9.	Alexander Sergeevich ERMOLENKO (Александр Сергеевич ЕРМОЛЕНКО)	Post: Ceann bhrainse Uimh. 15 den institiúid rialtais fheidearálach ‘Cigireacht Feidhmiúcháin Choiriúil Stiúrthóireacht Sheirbhís Pheannaideach na Cónaidhme i gCathair Mhoscó’ Dáta breithe: 11.11.1993 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is é Alexander Sergeevich Ermolenko Ceann bhrainse Uimh. 15 den institiúid rialtais fheidearálach ‘Cigireacht Fheidhmeannach Choiriúil den Roinn Feidhmiúcháin de Federal Penitentiary Service (an tSeirbhís Pheannaideach Chónaidhme) i gCathair Mhoscó’. Agus a ról á fheidhmiú aige, thacaigh sé le haistriú pianbhreithe Alexei Navalny ar fionraí go pianbhreith choimeáda le linn na héisteachta cúirte i gcás Yves Rocher. Dá bhrí sin, tá Alexander Sergeevich Ermolenko freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine sa Rúis, tríd an tsaoirse tuairimíochta agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh a shárú.	27.5.2024
10.	Irina Geroldovna KIM (Ирина Герольдовна КИМ)	Post: Breitheamh de Chúirt Chathair Kovrov de Réigiún Vladimir Dáta breithe: 14.8.1978 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: baineann	Is breitheamh í Irina Geroldovna Kim de Chúirt Chathair Kovrov de Réigiún Vladimir. Ó 2022 i leith bhí sí rannpháirteach go díreach i ndálaí toirtiúla a chruthú agus a choinneáil do Alexei Navalny trí dhiúltú arís is arís eile do mhaímh Alexei Navalny i gcoinne choilíneacht phionósach IK-6 i ndáil leis an mbealach ar caitheadh leis, áit ina raibh sé le linn pianbhreith mar thoradh ar ionchúiseamh ar chúiseanna polaitiúla. Dá bhrí sin, tá Irina Geroldovna Kim freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine sa Rúis, lena n-áirítear céastóireacht, agus íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaoonna nó táireach, gabhálacha gan chúis, agus sáruithe ar an tsaoirse tuairimíochta agus ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh.	27.5.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
11.	Kirill Sergeevich NIKIFOROV (Кирилл Сергеевич НИКИФОРОВ)	Post: Breitheamh de Chúirt Chathair Kovrov de Réigiún Vladimir Dáta breithe: 14.3.1992 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is breitheamh é Kirill Sergeevich Nikiforov de Chúirt Chathair Kovrov de Réigiún Vladimir. Ó 2022 i leith, bhí sé rannpháirteach go díreach i ndálaí toirtiúla a chruthú agus a choinneáil do Alexei Navalny trí dhiúltú arís is arís eile do mhaímh Alexei Navalny i gcoinne choilíneacht phionósach IK-6 i ndáil leis an mbealach ar caitheadh leis, áit ina raibh sé le linn pianbhreith mar thoradh ar ionchúiseamh ar chúiseanna polaitiúla. Dá bhrí sin, tá Kirill Sergeevich Nikiforov freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine sa Rúis, lena n-áirítear céastóireacht, agus íde nó pionós eile atá cruálach, mídhonna nó táireach, gabhálacha gan chúis, agus sáruithe ar an tsaoirse tuairimíochta, agus ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh.	27.5.2024
12.	Sergey Vladimirovich BLINOV (Сергей Владимирович БЛИНОВ)	Post: Breitheamh i gCúirt Dúiche Leninsky, Kirov Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is breitheamh é Sergey Vladimirovich Blinov de Chúirt Dúiche Leninsky, Kirov. In 2013, ghearr sé 5 bliana príosúnachta ar Alexei Navalny agus 4 bliana príosúnachta ar an bhfear gnó Pyotr Ofitserov mar gheall ar chlaonchadhadh sa triail ‘cás Kirovles’ a raibh cúis pholaitiúil léi. Ina theannta sin, gearradh fineáil 500 000 rúbal an duine orthu. Dá bhrí sin, tá Sergey Vladimirovich Blinov freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine sa Rúis, tríd an tsaoirse tuairimíochta agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh a sháru.	27.5.2024
13.	Evgeny Vladimirovich BORISOV (Евгений Владимирович БОРИСОВ)	Post: breitheamh i gCúirt Dúiche Nikulinsky, i Moscó Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is breitheamh é Evgeny Vladimirovich de Chúirt Dúiche Nikulinsky, i Moscó. In 2015, ghlac sé éileamh chuideachta Kirovles 16 mhilliún rúbal a aisghabháil ó Alexei Navalny agus beirt chosantóirí eile i ‘cás Kirovles’ a raibh cúis pholaitiúil leis. Dá bhrí sin, tá Evgeny Vladimirovich Borisov freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine sa Rúis, tríd an tsaoirse tuairimíochta agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh a sháru.	27.5.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
14.	Tatyana Stanislavovna DODONOVA (Татьяна Станиславовна ДОДОНОВА)	Post: Breitheamh de Chúirt Chathair Mhoscó Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: baineann	Is breitheamh de Chúirt Chathair Mhoscó í Tatyana Stanislavovna Dodonova. In 2014 d'aithin sí mar chinneadh dlíthiúil an cinneadh Alexei Navalny a chur faoi bhraighdeanas baile sa chás ‘Yves Rocher’. Bhí sí rannpháirteach go córasach i gcásanna i gcoinne shaoránaigh Chónaidhm na Rúise a chuir i gcoinne an réimis pholaitiúil sa Rúis trí phianbhreith a ghearradh ar dhaoine gafa i ndáil le hAgóidí 2019 i Moscó. Dá bhrí sin, tá Tatyana Stanislavovna Dodonova freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine sa Rúis, tríd an tsaoirse tuairimíochta agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh a shárú.	27.5.2024
15.	Elena Sergeevna ASTAKHOVA (Елена Сергеевна АСТАХОВА)	Post: Breitheamh i gCúirt Dúiche Golovinsky i Moscó Dáta breithe: 30.3.1978 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: baineann Uimhir aitheantais: 45 01 525454 Uimhir Aitheantais Cáinócóra (ИНН): 7703204586	Mar bhreitheamh i gCúirt Dúiche Golovinsky i Moscó, ghearr Elena Sergeevna Astakhova pianbhreith ar Oleg Orlov, cosantóir chearta an duine mór le rá agus comhchathaoirleach ar ‘Memorial’ – pianbhreith 2 bhliain agus 6 mhí i gcoilíneacht réimis ghinearálta ar chúiseanna a bhfuil údar polaitiúil leo, as labhairt amach i gcoinne chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Tá Oleg Orlov, atá 70 bliain d'aois, ar dhuine de chosantóirí chearta an duine is mó a bhfuil meas air agus is faide ag obair sa Rúis, agus is duine de cheannairí na heagraíochta a bhuaigh Duais Síochána Nobel in 2022, <i>Memorial Human Rights Defence Center</i> (HRDC ‘Memorial’), eagraíocht a leachtaíodh mar chuid den chniogbheartaíocht shistéamach leathan ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, saoirse comhthionóil shíochánta, agus saoirse comhlachais sa Rúis. Cúisíodh Oleg Orlov as ‘míchúlú a tharraingt’ ar arm na Rúise, más fíor, tar éis alt tuairimíochta i gcoinne chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine a fhoilsiú i meáin na Fraince, agus gearradh pianbhreith air ina leith. Dá bhrí sin, tá an breitheamh Elena Sergeevna Astakhova freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine sa Rúis, tríd an tsaoirse tuairimíochta agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh a shárú.	27.5.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
16.	Olesya Yurievna VOROBYOVA (Олеся Юрьевна ВОРОБЬЕВА)	Post: Ionchúisitheoir Stáit Dáta breithe: 4.6.1981	<p>Mar ionchúisitheoir sa chás chúiseanna polaitiúla i gcoinne an chosantóra chearta an duine mór le rá Oleg Orlov, d'iarr Olesya Yurievna Vorobyova go ngearrfaí pianbhreith 2 bhliain agus 11 mhí ar Oleg Orlov, ag áitiú gurb iad 'an fuath agus an naimhdeas idé-eolaíoch' a spreag alt Orlov i gcoinne chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Tá Oleg Orlov, atá 70 bliain d'aois, ar dhuine de chosantóirí chearta an duine is mó a bhfuil meas air agus is faide ag obair sa Rúis, agus is duine de cheannairí na heagraíochta a bhuaigh Duais Síochána Nobel in 2022, <i>Memorial Human Rights Defence Center</i> (HRDC 'Memorial'), eagraíocht a leachtaíodh mar chuid den chniogbheartaíocht shistéamach leathan ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, saoirse comhthionóil shíochánta, agus saoirse comhlachais sa Rúis. Cúisíodh Oleg Orlov as 'míchúlú a tharraingt' ar arm na Rúise, más fíor, tar éis alt tuairimíochta i gcoinne chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine a fhoilsiú i meáin na Fraince, agus gearradh pianbhreith air ina leith.</p> <p>Trí Oleg Orlov a ionchúiseamh ar chúiseanna polaitiúla agus trína iarraidh go ngearrfaí pianbhreith príosúnachta air, tá an t-ionchúisitheoir Olesya Yurievna Vorobyovafreagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine sa Rúis, tríd an tsaoirse tuairimíochta agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh a shárú.</p>	27.5.2024
17.	Ilya Andreevich SAVCHENKO (Илья Андреевич САВЧЕНКО)	Post: Imscrúdaitheoir i Mór-Aonad Imscrúdaitheach Tver (Coiste Fiosrúcháin Chónaidhm na Rúise) Dáta breithe: 18.06.1997 Áit bhreithe: Rtishchevo– Réigiún Saratov, Cónaidhm na Rúise Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	<p>Ina cáil mar imscrúdaitheoir de chuid Choiste Fiosrúcháin Chónaidhm na Rúise, sannadh cás Oleg Orlov d'Ilya Andreevich Savchenko, agus bhí sí rannpháirteach sa díotáil a scríobhadh i gcoinne Orlov as ucht alt tuairimíochta i gcoinne chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine a fhoilsiú. Dheimhnigh Ilya Andreevich Savchenko gur fhoilsigh Orlov an t-alt faoi threoir 'naimhdeas idé-eolaíoch i gcoinne luachanna traidisiúnta spioradálta, morálta agus tírghrá na Rúise' agus faoi threoir fhuath i dtreo an ghrúpa shóisialta 'fórsaí míleata na Rúise.'</p> <p>Dá bhrí sin, tá an t-imscrúdaitheoir Ilya Andreevich Savchenko freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine, sa Rúis tríd an tsaoirse tuairimíochta agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh a shárú.</p>	27.5.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
18.	Oksana Vasilyevna DEMYASHEVA (Оксана Васильевна ДЕМЯШЕВА)	Post: Breitheamh i gCúirt Dúiche Vasileostrovsky i gCathair Pheadair Dáta breithe: 10.3.1980 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: baineann	Ina cáil mar bhreitheamh i gCúirt Dúiche Vasileostrovsky i gCathair Pheadair, ghearr Oksana Vasilyevna Demyasheva pianbhreith 7 mbliana ar Alexandra Skochilenko, ealaíontóir, ar chúiseanna a bhfuil údar polaitiúil leo as ucht 'bréagnuacht', mar a thugtar uirthi, faoi arm na Rúise a scaipeadh. Gabhadh Skochilenko as clibeanna praghais in ollmhargadh a mhalartú le greamáin frithchogaidh. Bhí sí ar cheann de na chéad daoine ar gearradh pianbhreith orthu faoin ndlí nua coiriúil lena n-eisreachtaítear an 'bréagnuacht', mar a thugtar uirthi, faoi arm na Rúise, agus tharraing a triail aird leathan an phobail ar an mbrú gan fasach a bhí uirthi ó riarachán an phríosúin, ón mbreitheamh agus ón ionchúiseamh. Dá bhrí sin, tá an breitheamh Oksana Vasilyevna Demyasheva freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine sa Rúis, tríd an tsaoirse tuairimíochta agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh a shárú.	27.5.2024
19.	Alexander Yurievich GLADYSHEV (Александр Юрьевич ГЛАДЫШЕВ)	Post: Ionchúisitheoir i Roinn na n-Ionchúisitheoirí Stáit/Oifig an Ionchúisitheora, Cathair Pheadair Dáta breithe: 28.10.1994 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Mar ionchúisitheoir in Oifig an Ionchúisitheora i gCathair Pheadair, d'iarr Alexander Yurievich Gladyshev go ngearrfaí 8 mbliana sa phríosún ar Alexandra Skochilenko, ealaíontóir as coireanna 'bréagnuacht' a scaipeadh faoin arm, tar éis í a ghabháil as greamáin fhrithchogaidh a chur in áit clibeanna praghais in ollmhargadh. Bhí Skochilenko ar cheann de na chéad daoine ar gearradh pianbhreith orthu faoin ndlí nua coiriúil lena n-eisreachtaítear an 'bréagnuacht', mar a thugtar uirthi, faoi arm na Rúise, agus tharraing a triail aird leathan an phobail ar an mbrú gan fasach a bhí uirthi ó riarachán an phríosúin, ón mbreitheamh agus ón ionchúiseamh. Dá bhrí sin, tá an t-ionchúisitheoir Alexander Yurievich Gladyshev freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine sa Rúis, tríd an tsaoirse tuairimíochta agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh a shárú.	27.5.2024

B. Daoine dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
1.	FEDERAL PENITENTIARY SERVICE OF THE RUSSIAN FEDERATION (FSIN) ФЕДЕРАЛЬНАЯ СЛУЖБА ИСПОЛНЕНИЯ НАКАЗАНИЙ (ФСИН) (RU)	Seoladh: Sráid Zhitnaya 14, Yakimanka District, Central Administrative Okrug, Moscó. Suíomh gréasáin: http://www.fsin.su/eng	<p>Is gníomhaireacht chónaidhme é an Federal Penitentiary Service of the Russian Federation (FSIN) faoi mhaoirseacht Aireacht Dlí agus Cirt na Rúise. Is é FSIN an t-údarás cónaidhme a bhíonn ag déileáil le daoine amhrasta agus ciontaithe a choinneáil, slándáil agus cothabháil na bpríosún sa Rúis, iompar príosúnach agus cláir athshlánaithe.</p> <p>Dá réir sin, is é FSIN an t-údarás lárnach a bhainistíonn córas príosúin na Rúise, a bhfuil cáil air mar gheall ar a mhí-úsáid fhorleathan chórasach agus a dhrochíde i gcoinne príosúnaigh pholaitiúla sa Rúis. Mar ghníomhaireacht chónaidhme, tá FSIN freagrach as na coilíneachtaí pionósacha inar coinníodh an polaiteoir freasúra Rúiseach Alexei Navalny ar chúiseanna a bhfuil údar polaitiúil leo agus a fuair bás ar deireadh an 16 Feabhra 2024. Le linn a phríosúnachta, tugadh drochíde d'Alexei Navalny, lena n-áirítear trína choinneáil faoi ghaibhniú aonair arís agus arís eile i gcill phionóis agus íde chruálach mhídhaonna tháireach a thabhairt dó, rud a d'fhág go ndeachaigh a shláinte in olcas go mór. Caitheadh go dona le príosúnaigh pholaitiúla eile i gcóras príosúin na Rúise, faoi dhálaí diana comhchosúla agus tugadh drochíde dóibh, drochíde arbh é is aidhm di iad a bhriseadh –go fisiceach agus go síceolaíoch.</p> <p>Tá FSIN freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine sa Rúis, lena n-áirítear céasadh agus íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach.</p>	27.5.2024